

FUIL NA MBREATHNACH

Breathnach ó bhun agus ó bharr agus ó uachtar mise agus a dtáinig romham. Ba Bhreathnach mo mháthair agus a hathair 's a máthair roimpe, agus ba Bhreathnach máthair m'athar. Ach ní Breathnaigh amach is amach mo chlann mar is Loideánach an bhean atá agam.

Tá leigheas i bhfuil na mBreathnach ach iad a bheith glan, cupla sinsear i ndiaidh a chéile. Leigheas easpaidh agus tá an fhuil ruadh a leigheas chomh maith. Tagann easpaidh reatha ar dhuine taobh amuich agus bíonn an cnap a' sile lionn ruadh nó uisge. Tá go leor cineálacha easpaidh ann. Is minic a tugtar cnámha ar an gcnap. Má thagann easpadh istigh ní féidir a leigheas. Leigheas fuil na mBreathnach an rua. Má leigtear an rua isteach sa darna gealach is deacair é a leigheas. Bhí aint agam féin agus níor eitigh sí duine ar bith ariamh a d'iarradh braon dá cuid fola don ruadh ná don easpadh. Níl aon mheabhair agam ar aon duine dá dtáinig romham a raibh ruadh ná easpadh ariamh air. Bhí cuid de na mná i ndon ceirín a dhéanamh don easpadh.

27/3/1935